



# CÁIN FÁLTAS CAIPITIÚIL LUACHÁIL SCAIREANNA NEAMHLUAITE

Úsáid Oifigiúil amháin

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá polasaí consanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas maidir le do chearta cosanta sonraí ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

## CUID 1 EOLAS GINEARÁLTA

UPSP an Diúscróra  Tagairt an ghníomhaire

Ainm na cuideachta

Suíomh an ghnó

Dáta an chorpraithe  Cineál gnó

Scairchaipiteal Gnáthscaireanna:  Scaireanna tosaíochta:  Eile:

Scaireanna le luacháil Gnáthscaireanna:  Scaireanna tosaíochta:  Eile:

Dáta na luachála  Comaoin íochta in aghaidh na scaire  Luach curtha isteach in aghaidh na scaire

## CUID 2 CUIDEACHTAÍ RIALAITHE

An raibh an chuideachta faoi rialú an deontáí nó an chomharba de réir bhrí Alt 16, Alt 21 nó Alt 27 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (tar éis an bronntanas nó oidhreacht a thógáil) ar dháta an bhronntanais nó na hoidhreacht?  Bhí  Ní raibh

Féach lastall le haghaidh nótaí mínitheacha maidir le rialú agus gaolta

Tabhair cur síos mionsonraithe thíos ar an ngaol idir an deontáí / comharba le scairshealbhóirí eile (úsáid leathanach eile más gá).

**Tabhair do d'aire** — ba chóir a chur in iúl má bhí scaireanna i seilbh aon scairshealbhóra mar ainmní nó iontaobhaí don deontáí / comharba ar an dáta luachála.

Scairshealbhóir	Líon agus aicme na scaireanna i seilbh	Ceartha a bhaineann le gach aicme scaire	Gaol an scairshealbhóra leis an deontáí nó comharba

## CUID 3 SONRAÍ MAIDIR LE LUACHÁIL

Cuir in iúl an bonn luachála le haghaidh na scaireanna atá á n-aistriú:  Tuillimh  ; Sócmhainní  ; Toradh díbhinne  ; Meascán  ; Eile

Cuir sraith iomlán de chuntais iniúchta na cuideachta le haghaidh na 3 bliana roimh an dáta luachála agus tabhair an t-eolas a iarrtar thíos maidir le tuilleamh nó luachanna na sócmhainní, ag brath ar an modh luachála a úsáidtear.

### LUACHÁIL BUNAITHE AR THUILLEAMH (IS É SIN, BRABÚS)

Tabhair an t-eolas seo a leanas ó na cuntais iniúchta chuí:

Láimhdeachas €  Brabús roimh cháin €  Brabús tar éis cánach €

Iolraí an tuillimh a d'úsáid tú i d'áireamh  Luacháil ar thuilleamh na cuideachta €

Luach an tuillimh in aghaidh na scaire €  Lascaine  % Luach in aghaidh na scaire €

### LUACHÁIL BUNAITHE AR SHÓCMHAINNÍ

Maidir le gach maoin agus infheistíocht á coinneáil ag an gcuideachta agus ag a fochomhlachtaí nó a comh-chomhlachtaí, ní mór a luach de réir na leabhar a chur in áit a margadhluacha nuair atá luach coigeartaithe sócmhainní na cuideachta á ríomh.

Luach sócmhainní de réir na leabhar €

Sonraigh an t-ardú a éiríonn aníos ó luach de réir na leabhar a chur in ionad mhargadhluach aon mhaoine atá á coinneáil €

Sonraigh an t-ardú a éiríonn aníos ó luach de réir na leabhar a chur in ionad mhargadhluach aon infheistíochta atá á coinneáil €

Luach coigeartaithe na sócmhainní €

Brabús i ndiaidh cánach a tuilleadh ó dháta na gcuntas deireanach €

Glanluach athbhreithnithe sócmhainní na cuideachta €

Glanluach sócmhainní in aghaidh na scaire €  Lascaine  % Luach in aghaidh na scaire €

### LUACHÁIL BUNAITHE AR THORADH DÍBHINNE

Má úsáidtear an modh seo, sonraigh ar leathanach eile an bonn a úsáidtear sna háirimh

**Má tá an luacháil bunaithe ar mhodheolaíocht eile seachas na modhanna thuasluaite, nó ar mheascán (modh hibrideach) de thuilleamh / sócmhainní toradh díbhinne, tabhair achoimre ar leathanach eile ar an gcaoi a ndearnadh an luacháil.**

## CUID 4 DÍOLACHÁIN ROIMHE

Tabhair sonraí maidir le díolacháin scaireanna sa chuideachta le 3 bliana anuas

Líon na scaireanna a díoladh	Praghas íochta in aghaidh na scaire	Gaol idir na páirtithe

### Ba chóir a thabhairt do d'aire

- go bhféadfadh sé go mbeadh a dhóthain eolais ann chun luacháil a dhéanamh gan aon cheist eile.
- sa chás go bhfaightear gur tugadh tearc-chuntas ar an luacháil a tairgeadh, foráiltear d'fhormhuirir oiriúnacha faoi Alt 53 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil, 2003 agus gearrfar iad.
- maidir le glacadh le luacháil chun críocha CFC, nach ndéanfaidh sé dochar ar bith d'aon luacháil ar scaireanna sa chuideachta chéanna chun críocha ar bith eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim

## CUID 5 DEIMHNIÚ

Deimhní leis seo go bhfuil an t-eolas thuasluaite fíor agus iomlán agus, i mo thuairim féin, go léiríonn an luach tairgthe margadhluch iomlán na scaireanna aistrithe.

Síniú

*Duine / Gníomhaire Cuntasach*

Dáta

## DOICIMÉID LE BHEITH I dTEANNTA NA FOIRME SEO

Seicliosta

- Cuntais iniúchta na cuideachta agus a fochuideachtaí nó comh-chuideachtaí le haghaidh na 3 bliana roimh an dáta luachála. (Ba chóir cuntais chomhdhlúite a thabhairt má tá siad ar fáil).
- Má tá breis agus aicme amháin scaireanna ann ar an dáta luachála, cuir cóip den mheamram agus d'airteagail chomhlachais na cuideachta ar fáil chomh maith le gach leasú ó dháta an chorpraithe ar aghaidh agus achoimre ann ar na cearta a bhaineann le gach aicme scaireanna.

## NÓTAÍ MÍNITHEACHA MAIDIR LE RIALÚ AGUS GAOLTA

Sa chás gur "cuideachta atá faoi rialú an deontaí nó comharba" í an chuideachta, foráiltear faoi Alt 27 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil, 2003 nach mór go luachálfai na scaireanna ar an mbonn go meastar go bhfuil an chuideachta faoi rialú an úinéara. Cuirtear san áireamh comh-scairseilbh an deontaí nó an comharba agus gaolta leis nó léi (agus comh-scairseilbh iontaobhaithe aon socraíochta a fholáitear an deontaí nó an comharba nó gaolta leis an deontaí nó comharba i measc a cuspóirí), chun críocha deimhniú a thabhairt ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an chuideachta á rialú agus chun críocha tomhas a thabhairt i leith mhéid an rialaithe.

Tugann sainmhíniú in Alt 27 ar rialú agus clúdaíonn sé rialú vótála (díreach nó indíreach).

Aithnítear rialú mar —

- an cumas cumhacht Bhord na Stiúrthóirí a fheidhmiú,
- an ceart níos mó ná leath de na díbhinní ar an iomlán a fháil,
- leas i scaireanna na cuideachta arb ionann iad agus níos mó ná leath de luach iomlán ainmniúil scaireanna na cuideachta,
- cumhachtaí bhord stiúrthóirí na cuideachta,
- cumhachtaí stiúrthóir rialaithe na cuideachta,
- an cumhacht tromlach de stiúrthóirí na cuideachta nó stiúrthóir rialaithe na cuideachta a ainmniú,
- an cumhacht chun ceapadh stiúrthóir na cuideachta nó cumhachtaí eile den chineál sin a chrosadh.

Tugtar sainmhíniú ar "gaol leis an deontaí nó comharba" in Alt 2 agus Alt 27 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltais Caipitiúil, 2003.

### Séanadh

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil í ach an oiread. Níor chóir go nglacfar leis gur treoir chuimsitheach í, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.